Tá an t-eolas atá ar an mbróisiúr seo cruinn tráth a fhoilsithe. Tharlódh, áfach, go leasófaí sonraí áirithe a bhaineann le leagan amach agus reáchtáil na gcúrsaí faoin am a gcuirfear tús leis na cúrsaí.

OÉ Gaillimh
NUI Galway

MA / DIOPLÓMA IARCHÉIME (PLEANÁIL TEANGA)

Lánaimseartha: Bliain Amháin (Cód PAC: GYA76)

Páirtaimseartha: Dhá Bhliain (Cód PAC: GYA72)

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Guthán 00 353 91 595101
R-phost: teanga@oegaillimh.ie

www.oegaillimh.ie/acadamh

MA / Dioplóma Iarchéime (Pleanáil Teanga)

Tá an cúrsa seo dírithe orthu siúd a bhfuil spéis acu i gcúrsaí teanga agus sna bealaí éagsúla is féidir dul i bhfeidhm ar phobail teanga d'fhonn spriocanna sainiúla a bhaint amach. Cuirtear oiliúint ar mhic léinn sna réimsí éagsúla a thagann faoi scáth na pleanála teanga: an tsocheolaíocht teanga; an teangeolaíocht; an phleanáil straitéiseach; an dioscúrsa cultúrtha.

Cuspóirí

- Beidh tuiscint chruinn ag an mac léinn ar an bpleanáil teanga mar cheird agus mar ábhar léinn.
- Tabharfar léargas agus taithí do mhic léinn i réimsí taighde ábhartha don phleanáil teanga.
- Breathnófar go mion ar ghnéithe a bhaineann leis an bpleanáil teanga sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta

Deiseanna Fostaíochta

Cuirfidh cáilíocht iarchéime sa phleanáil teanga le deiseanna fostaíochta na mac léinn in eagraíochtaí teanga, san earnáil oideachais agus taighde agus sa tseirbhís phoiblí.

Riachtanais Iontrála

- Dara hOnóracha Grád 2
- Bunchéim agus 3 bliana de thaithí ghairmiúil ag leibhéal bainistíochta nó feidhmeannaigh
- 5 bliana caite ag leibhéal bainistíochta nó feidhmeannaigh in earnáil na Gaeilge, nó in earnáil gaolmhar leis an bpleanáil teanga. Beidh portfóilió le réiteach agus réamhscrúdú le déanamh ag iarrthóirí nach bhfuil céim bainte amach acu.

Modúil an Chúrsa

Teoiricí Teangeolaíochta don Phleanáil Teanga
An Anailís Shochtheangeolaíochta
An Phleanáil Teanga mar Phróiseas
Polasaí agus Pleanáil don Ghaeilge
An Fhorbairt Pobail
Teoiricí Eagraíochta
Modheolaíochtaí Taighde
An Dioscúrsa Teanga
Miontráchtas*
*I gcás an M.A. amháin

Caíliú don M.A. agus Modh Staidéir

Bliain acadúil amháin a bheidh i gceist i gcás an Dioplóma Iarchéime agus bliain iomlán féilire i gcás an M.A. Caithfear 60% san iomlán a bhaint amach i modúil an Dioplóma Iarchéime le bheith i dteideal tabhairt faoin M.A. Beidh miontráchtas le scríobh mar chuid den M.A

Iarratas

Déan iarratas ar líne, le do thoil, ag an suíomh **www.pac.ie.** Is bunaithe ar iarratais a gheofar faoin 2 Aibreán a dhéanfar tairiscintí sa chéad bhabhta.

Táille

Seol rphost ag fiona.nichualain@oegaillimh.ie chun tuilleadh eolais a fháil faoi tháillí.

Fiosrúcháin

An Dr Conchúr Ó Giollagáin
Fón: + 353 91 595101
Rphost: teanga@oegaillimh.ie